C/2024/1771

22.3.2024

P9_TA(2023)0296

Ceapachán Iliana Ivanova mar chomhalta den Choimisiún Eorpach a fhormheas

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2023 maidir le Iliana Ivanova a cheapadh mar Chomhalta den Choimisiún (C9-0242/2023 – 2023/0805(NLE))

(C/2024/1771)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 246, an dara mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do phointe 6 den Chreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach ([1]),

— ag féachaint do Mariya Gabriel d'éirí as oifig mar Chomhalta den Choimisiún,

— ag féachaint don litir ón gComhairle dar dáta an 7 Iúil 2023, trína ndeachaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le cinneadh, a ghlacfar de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin, maidir le Iliana Ivanova a cheapadh mar Chomhalta den Choimisiún (C9-0242/2023),

— ag féachaint do na litreacha ó Uachtarán an Choimisiúin an 29 Meitheamh agus an 5 Iúil 2023,

— ag féachaint don éisteacht le Iliana Ivanova an 5 Meán Fómhair 2023, a raibh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus an Coiste um Chultúr agus um Oideachas i gceannas uirthi, agus don litir mheastóireachta a tarraingíodh suas tar éis na héisteachta sin,

— ag féachaint don scrúdú a rinne Comhdháil Chathaoirligh na gCoistí ag a cruinniú an 6 Meán Fómhair 2023, agus don scrúdú a rinne Comhdháil na nUachtarán ag a cruinniú an 6 Meán Fómhair 2023,

— ag féachaint do Riail 125 dá Rialacha Nós Imeachta agus d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo,

1. ag formheas cheapachán Iliana Ivanova mar Chomhalta den Choimisiún don chuid eile de théarma oifige an Choimisiúin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais na mBallstát.

([1]) IO L 304, 20.11.2010, lch. 47.